2021

# Polasaí Um Chaomhnú Páistí Ghaelscoil Uí Earcáin



18/12/2018

13/12/2021

## Leagan Amach an Pholsaí

Cuirfear an polasaí seo le chéile faoi na cinnteidil seo a leanas:


**1.0** Réamhráiteas agus Réasúnaíocht:

**2.0** Éiteas na Scoile:

**3.0** Aidhmeanna:

**4.0** Treoracha do Bhainistíocht agus d'Eagrú Chaomhnú Páistí i nGaelscoil Uí Earcáin:

**5.0** Ról agus Freagracht

**6.0** Cleachtas

**7.0** Treoirlínte do mhúinteoirí agus do bhaill foirne maidir le déileáil le faisnéis a thagann ó pháiste:

**8.0** Ábhair Eagraíochta agus Curaclama:

**9.0** Soláthar do thacaíocht leanúnach

**10.0** Polasaithe a tacaíonn le Chaomhnú Páistí:

**11.0** Critéir Rathúlachta:

**12.0** Aguisín 1: Teimpléid Taifead ar eachtra

**13.0** Aguisín 2: Ráiteas um Chumhdach Leanaí & Measúnú Riosca

**14.0** Aguisín 3: Liosta Seiceála don Athbhreithniú ar an bPolasaí maidir le Caomhnú Páistí:

15.0 Aguisín Covid-19

## 1,0 Réamhráiteas agus Réasúnaíocht:

De bharr cúrsaí inseirbhíse OSPS a bheith déanta againn agus Treoirlínte agus Próiseas do Pháistí ar dTús (ón RO&E), cuireadh Ráiteas Chaomhnú Páistí a chuir le chéile. Cuireadh le chéile é le cabhair ó ionadaithe ón mBord Bainistíochta, múinteoirí agus tuismitheoirí.

Cuireadh an polasaí seo le chéile chun tacú leis an gá atá ann polasaí éifeachtach a bheith ann i dtaobh cosaint i gcoinne mí-úsáid pháistí i gcomhthéacs éiteas na Scoile. Tugann an polasaí seo eolas faoi fhreagrachtaí na scoile sna hábhair seo a leanas:

- Cosc
- Nósanna
- Cleachtas

Tá cóip den pholasaí seo agus an leabhar, Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ar fáil do gach baill foirne. Tá an dualgas ar gach ball foirne na treoracha agus an leabhar Children First a léamh (Tá fáil ar Children First ar www.dohc.ie/publications/children_first) agus i ngach seomra ranga sa scoil.

## 2.0 Éiteas na Scoile:

Is scoil chaitliceach sinn agus mar sin tá ár bpolasaithe go léir curtha i bhfeidhm i mbealaigh atá oiriúnach d'éiteas na scoile tríd:

- Bheith mothálach agus réalaíoch faoi shaol ár bpáistí i domhan atá i gcónaí ag athrú.
- Meas cómhalartach a bheith idir na phairtnéirí go léir in Oideachas.
- Bheith páiste lárnach.
- Iarracht a dhéanamh cinntiú go n-éiríonn le gach páiste barr a gcumas a shroicint i ngach bealach.
- Iarracht a dhéanamh ard féinmhuinín a chothú sna páistí go léir chun go mbeidh siad ábalta saol sona freagrach agus iomlán a bhaint amach.

## 3.0 Aidhmeanna:

- Oideachas scileanna pearsanta sábháilteachta a chur ar fáil do gach páiste.
- Timpeallacht sábháilte, muiníneach, sofhreagrach agus aireach a chruthú.
- Aithne agus freagracht san ábhar seo a chothú sa phobal scoile ina hiomlán.
- Próiseas/ Cleachtas maith a réiteach don scoil chun páistí agus foireann iomlán a chosaint.
- Cinntiú go bhfuil a fhios ag an bhfoireann iomlán faoi Threoireacha agus próiseas na Roinne, agus go bhfuil eolach ar cad atá iontu i dtaobh amhras faoi/líomhain mí-úsáid phaistí.
- Tacaíocht ón mBord Bainistíochta chun traenáil foirne breise faoi seo a chur chun cinn.

## 4.0 Treoracha do Bhainistíocht agus d'Eagrú Chaomhnú Páistí i nGaelscoil Uí Earcáin:

Tá é mar pholasaí againn i nGaelscoil Uí Earcáin nósanna imeachta mar atá leagtha amach i Treoirlínte agus Chaomhnú Páistí RO&E 2001 le chéile le Páistí ar dTús, a leanúint i dtaobh cás ar bith go gceaptar, nó go n-insítear dúinn go bhfuil mí-úsáid á dhéanamh ar phaiste, agus má insíonn páiste dúinn faoi mhí-úsáid pearsanta. Lean muid na treoracha atá leagtha amach sa Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 freisin. Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne agus déanfar a gcur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú, mar chuid den pholasaí ginearálta maidir le caomhnú leanaí.

## 5.0 Ról agus Freagracht:

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as an bpolasaí a dhearbhú agus tá foireann uile na scoile freagrach as an bpolasaí a chur í ngníomh go laethúil.

***Bord Bainistíochta:***

Tá sé mar phríomh fhreagracht ag an mBord Bainistíochta páistí na scoile a chosaint agus cúram iomlán a thabhairt dóibh. Tá freagrachtaí an Bhoird leagtha amach ar leathanach 50/51 de Threoirlínte Pháistí ar dTús agus ar leathanach 15/17 de Threoirlínte Chaomhnú Páistí (RO&E)

- Clár Chaomhnú Páistí a phleanáil agus a chuir i gcrích.
- Forbairt Foirne.
- Duine Caidrimh agus Leas Duine Caidrimh a cheapadh. (Leah Ní Mhaoláin & Richard Ó Coisdealbha Ceapadh)
- Mí-úsáid páistí a chosc.
- I gcás amhras faoi/líomhain mí-úsáid pháistí i dtaobh fostaithe na scoile, beidh ar an mBord freagra a thabhairt air.
- Fostaí a chur ar bhriseadh riarthach ar an bpointe, más gá, ag brath ar an sórt líomhain atá déanta fúthu.
- Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an gClár agus ar an bPolasaí.

***Ról Foirne na Scoile:***

Tá freagrachtaí na foirne leagtha amach i dTreoirlínte Phaistí ar dTús agus i dTreoirlínte Chaomhnú Páistí (RO&E)

- Cloí leis an gCód Iompair Ghairmiúil mar atá leagtha amach ag An Chomhairle Mhúinteoireachta i gcónaí, gnás ionracais a thabhairt chun cinn le tuismitheoirí agus meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus é/í ag déileáil le cúrsaí
- caomhnaithe paistí.
- Pacáiste eolais (polasaithe, clár ama scoile, nósanna scoile srl.) a shocrú agus a chur ar fáil d'aon ionadaí atá ag obair nó mac léinn atá ar cleachtadh múinteoireachta sa scoil.
- Múineadh an Chláir-Bí Sábháilte (agus Friends for Life i rang a 1 agus rang a 5). Múintear na cláir seo sna ranganna faoi atmaisféar oscailte, uilchneasúil, chothrom agus daonlathach. I gcás nach bhfuil cead faighte ó thuismitheoir cláir OSPS a

mhúineadh d'a phaiste tá sé mar dhualgas ar an múinteoir ranga cinnte a dhéanamh go bhfuil siad ag cloí le treoir an tuismitheoir. Beidh an t-eolas seo ar fáil don oide ranga agus an oifig ar 'Aladdin' (bogearra atá in úsáid ag an scoil)

- Cuntais a choimeád agus freagra a thabhairt ar líomhain mí-úsáid pháistí mar atá molta i dTreoirlínte Chaomhnú Páistí.

- Cheap an Bord Bainistíochta Leah Ní Mhaoláin agus Richard Ó Coisdealbha mar Dhuine Caidrimh/ Leas Dhuine Caidrimh. Glacfaidh an LDC cúramaí air féin múna mbíonn an Duine Caidrimh ar fáil.

- Cinnteoidh an Duine Caidrimh go bhfuil baill foirne ar an eolas maidir le treoirlínte agus nósanna imeachta agus freastalóidh sé/sí ar thraenáil bhreise más gá.

- Cinnteoidh an Duine Caidrimh go bhfuil cóip den bPolasaí seo ar Chaomhnú Páistí ag gach baill foirne. Beidh sé seo ar fáil i ngach seomra ranga sa scoil agus fanfaidh sé ansin.

- Cinnteoidh an Duine Caidrimh/ Múinteoir Caidreamh Baile go gcuirfear tuismitheoirí ar an eolas faoi na bpróiseas seo nuair a chláraíonn siad a bpáistí agus tabharfar cóip de Threoir thuismitheoirí don chlár Bí Sábháilte dóibh.

- Beidh bealach ag gach múinteoir cuntas a choimeád má tá imní faoi pháiste. Beidh an t-eolas seo a roinnt leis an Duine Caidreamh/ Príomhoide ag úsáid cuntas 'Sharepoint' an t-oide ranga. Tá an dualgais ar an Duine Caidreamh/ Príomhoide an t-eolas cuí a bhogadh ar aghaidh agus a roinnt leis an oide ranga nua ag tús gach scoil bhliain.

- Déanfaimid monatóireacht faoi dul chun cinn aon dalta go bhfuil imní fúthu nó a cheapaimid atá i mbaol ó thaobh ár ndualgais mar mhúinteoirí. Coimeádfar na cúntaisí seo i mbealach rúnda –m.sh. Uimhir rolla an phaiste, dáta, cad a thugadh faoi dhearadh, síniú.

- Leanfaidh Gaelscoil Uí Earcáin an próiseas mar atá leagtha amach sna Treoirlínte agus Nósanna Imeachta Chaomhnú Páistí, DES 2001, Caibidil 4, sa chás go mbeidh líomhain déanta in aghaidh fostaithe na scoile.

## 6.0 Cleachtas

1. Tá ar gach cuairteoir leabhar na gcuairteoirí a shíniú agus suaitheantas 'Cuairteoir' a chaitheamh fhad agus atá siad ar suíomh na scoile. Tá sé molta go bhfuil ar duine fásta cuairteoirí a scaoileadh isteach sa scoil agus nár chorr go mbeidh páistí ag dul in aice leis an príomh doras gan baill foirne in éineacht leo.

2. Caithfidh duine fásta a bheith san áit fáiltiú an t-am ar fad. Níor chorr go mbeidh an áit fágtha gan an rúnaí ach amháin i gcásanna práinneach.

3. Ní fhágfar cuairteoirí/ daoine deonach ina n-aonar le páistí na scoile. Fanfaidh an múinteoir/ oibrí scoile fásta in éineacht leo seachas i gcás go bhfuil cead faighte óna dtuismitheoirí roimh ré (W.O.W, Accord, Drama Therapy curtha ar fáil ag an CCS)

4. Ní thógtar an chód (príomhdhoras) d'aon chuairteoir, tuismitheoir nó páiste riamh agus beidh cód nua roinnte leis an bhfoireann scoile go rialta.

5. I gcás CRS, cuirfear iad ar an eolas faoin bpolasaí seo agus na treoirlínte chaomhnú páistí chomh maith.

6. I gcás páiste le riachtanais speisialta, má tá dlúth chúram i gceist, socrófar nósanna, a imeachta tar éis dul i gcomhairle leis an bpaiste, tuistí/ caomhnóirí agus éinne eile a bheidh gafa ag tabhairt aire dó/dí. Tógfar Dea-Chleachtas agus maitheas an pháiste san áireamh ag teacht ar socraithe ag cinntiú go bhfuil dínit an pháiste chun tosaigh i gcónaí. Nuair a bheidh socraithe cuí eagraithe, inseofar iad do gach grúpa atá luaite thuas agus cuirfear i scríbhinn é.

7. Moltar nach dtógfaí páistí leo féin más féidir. Má tá múinteoireacht aonaracha i gceist (tacaíocht foghlama srl) tá gá cead a fháil ó thuismitheoirí an pháiste é/í a chur ag obair leis an múinteoir agus déanfar é in áit go mbíonn a lán 'tráchta.'

8. Ní dhéanfar maoirseacht ar pháiste aonarach riamh. Sa chás go bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí déanach ag bailiú páiste tá ar an mhúinteoir an rúnaí a chur ar an eol agus fanfaidh an pháiste faoi chúram an múinteoir ag an áit fháiltiú go dtagann a thuismitheoir/ chaomhnóir. Cuirfear an seomra machnamh ar ceal aon lá nach bhfuil ach páiste amháin a úsáid (déanfaidh siad suas an 15 nóiméad ar lá eile)

9. Timpistí Leithris: Cabhróidh CRS leis an múinteoir ranga sa chás seo. Rachaidh an CRS agus **beirt** pháistí chuig leithreas na múinteoirí agus tabharfaidh an CRS éadaí glan don pháiste agus glanfaidh an páiste é/í féin le treoir ón CRS má bhíonn sé ag teastáil. Labhróidh an múinteoir ranga leis an tuismitheoir ag deireadh an lae. Ag an gcéad cruinniú le tuistí nua sa scoil míneofar an cleachtas seo leo agus faightear cead i scríbhinn ó tuistí atá sásta cloí leis an gcóras seo.

10. Snámh : Beidh na múinteoirí i gceannas ar an feitheoireacht nuair atá na páistí ag dul ag snámh. Agus na ranganna ag fágáil/ ag teacht ar ais chuid na scoile tá sé mar dualgais ar na múinteoirí cinnte a dhéanamh go bhfuil an príomh doras dúnta i gceart sular fhágann siad suímh na scoile/ agus iad ar ais sa foirgneamh tar éis an snámh. In san linn snámha beidh dhá

sheomra feistis a úsáid, ceann cailíní agus ceann eile do na buachaillí. Ní cheadófar aon thuismitheoir isteach sna seomraí seo. Is féidir le tuismitheoirí a pháiste féin a ghléasadh sna seomraí feistis aonaracha atá le fáil ag an linn snámha. Ní cheadófar do mhúinteoir/CRS a bheith sna seomraí gléasta seo le dalta aonarach. Tá sé molta go theann aon tuismitheoir atá ag cabhrú sa linn snámh tríd an gcóras grinnfhiosrúchán. I gcás tuismitheoirí ag tabhairt síob do pháiste/pháistí chuig nó ar ais ón linn snámha tá gá le nóta i scríbhinn a bheith curtha ar fáil don oide ranga agus oifig na scoile. Chomh fada is gur féidir rachaidh fear agus bean ón foireann scoile chuig an linn snámha le ranganna.

11. Éadaí a athrú do Chluichí & an Ghaeltacht: Athraítear éadaí sna seomraí gléasta cuí. Ní cheadófar ceadmhach do mhúinteoir/CRS a bheith sna seomraí gléasta seo le dalta aonarach. I gcás go bhfuil gá ar oide/ CRS dul isteach i seomra gléasta caithfear duine fásta eile dul in éineacht deo.

12. Ag fágáil suíomh na scoile: Beidh múinteoir(í) ranga agus CRS i gceannas ar an feitheoireacht nuair atá turas scoile/ na páistí imithe ó suíomh i rith an lae scoile (thar oíche sa Ghaeltacht). Leanfar an gCód Iompar, rialacha na scoile agus déanfaidh an múinteoir cinnte go bhfuil na páistí slán agus sábháilte i gcónaí. Ní mhór tuairisc a scríobh ar aon eachtra agus an t-eolas a roinnt leis na tuismitheoirí/ príomhoide srl ag leanúint córas na scoile.

13. Tá dualgas ar an múinteoir ranga cinntiú go bhfuil na páistí faoina c(h)úram chomh sábháilte agus is féidir. Má tharlaíonn eachtra ar bith go mbaineann nádúr gnéasach leis, cuirfear an DCA/ Leas-DCA ar an eol agus déantar cuntas ar an eachtra agus freagracht a ghlacadh ar an mbealach cuí atá leagtha amach in sna treoirlínte don DCA/Leas-DCA

14. Iompar ginearálta- moltar do gach pháiste súgradh i gcónaí i mbealach comhoibritheach, dearfach agus slán. Tá polasaí in aghaidh bulaíocht, cód iompair agus rialacha na Gaelscoile chun tacú le seo agus chun deá iompar a spreagadh. Rachaidh paistí chuig an leithreas, ar theachtaireachtaí srl. i mbeirteanna i gcónaí. Tá sé seo i bhfeidhm ó naíonáin bheaga go rang a 6.

15. Tá ceamaraí teilifís ciorcad iata ar fud na scoile. Tá ar an oifig cinnte a dhéanamh go bhfuil fógraí crochta timpeall na h-áite ag míniú do chuairteoirí go bhfuil ceamaraí teilifís ciorcad iata ag an scoil. I gcás eachtra tá an dualgas ar an phríomhoide comhoibriú leis na seirbhísí cuí má tá siad ag lorg cead féachaint/ cóip a fháil ar aon taifead.

16. Tá fuinneoga curtha isteach sna doirse ranga ar fud na scoile. Tá ar gach oide cinnte a dhéanamh nach bhfuil siad clúdaithe riamh. Tá clár fógra crochta taobh amuigh de gach seomra ranga. Tá sé molta go mbeidh sé scríofa anseo cá bhfuil fáil ar an rang múna bhfuil siad sa seomra.

17. Feitheoireacht páistí –Cloífidh an fhoireann uile le polasaí feitheoireachta na scoile chun cinntiú go ndéantar feitheoireacht chuimsitheacht ar na daltaí i gcónaí. Déanann an leas – príomhoide amchlár amach don chlóis ag tús gach téarma agus tá sé mar dhualgais ar gach oide an oifig a chur ar an eol, i scríbhinn faoin aon mhalartú maoirseacht atá déanta. Beidh 3

CRS agus 3 oide ar a laghad ar an gclós an t-am ar fad. Ar laethanta fliche scaipfear rang a 6 (clár ama leagtha amach ag oide rang a 6) idir na ranganna (naíonáin bheaga go rang a 3), fanfaidh an CRS lena rang féin agus déanann na múinteoirí atá ar an am chlár maoirseacht ar na ranganna ar fud na bpasáistí. Tá sé molta go dtéann an dhá rang a 4 le chéile in aon seomra amháin chun tacú le maoirseacht ar lá fliuch.

18. I gcás teachtaireachtaí (timpistí srl) ón gclós tá sé molta go dtéann gach páiste isteach sa scoil, i mbeirteanna, ag úsáid an doras in aice le leithris na mbuachaillí (clós na naíonáin bheaga) Ní thugtar cead d'aon pháiste dul ar ais isteach sa scoil i rith am clóis ach amháin má tá siad faoi chúram baill foirne (agus i mbeirteanna/ mar rang).

19. Tá an dualgais ar an oide ranga aon eolas a bhaineann l'eachtraí/ timpistí/ páiste imithe abhaile luath a fháil ó na múinteoirí atá ag déanamh feitheoireacht/ maoirseacht. Tá an dualgais orthu sin atá ag déanamh maoirseacht/ feitheoireacht an oifig a chur ar an eolas faoi aon timpistí ionas gur féidir an t-eolas a roinnt ar na tuismitheoirí/ caomhnóirí ag úsáid an gcóras scoile.

20. Tá dualgas ar an múinteoir ranga cinnte a dhéanamh go bhfuil an liosta 'páistí roinnte' i gceart d'á rang agus go bhfuil an leagan thuas go dáta ar fáil ag an oifig i gcónaí. Tá sé molta nach bhfuil síbíní curtha le chéile in aon rang amháin. Tá dualgas ar an oifig gach cóip a chóiméad suas chun dáta aon uair atá leagan nua curtha i bhfeidhm. Is é/í an oide atá ag déanamh maoirseacht sa halla ar maidin (08:40r.n.-08:50-r.n.) atá freagrach as ucht ranganna a roinnt i gcás go bhfuil oide as láthair don lá.

21. Tá dualgas ar an múinteoir ranga liosta do nósanna ranga a shocrú agus a chur ar fáil sa seomra ranga/oifig d'ionadaí a bheas ag tabhairt aire don rang agus é/í as láthair nó d'aon mhac léinn a bheas ag obair leis an rang ar cleachtadh múinteoireachta.

22. Tinreamh-Cuirfear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi rialacha tinrimh-an tAcht Oideachas (Leas) 2000. Déanfar é seo in éineacht leis an Múinteoir Caidreamh Baile (Múinteoir Alison agus an monatóir tinrimh (Agnes Chapman.) glaofar an rolla ag 09:50r.n. gach lá agus déantar nóta ar chuntas an pháiste do líon na h-ama atá siad déanach (ó 09:00r.n. ar aghaidh). Maidir le cosaint páistí coimeádfar siúl ar leith ar nósanna maidir le neamhláithreacht. Déantar monatóireacht freisin ar neamhláthaireacht a tharlaíonn ag an am céanna le comharthaí – faillí nó mí-úsáid freisin.

23. Déanfar grinnfhiosrúchán ar gach ball foirne (Comhairle na Múinteoirí) agus grinnfhiosrúchán ar aon oibrí deonach (Ciorclán 0031/2016) ag úsáid foirmeacha patrún na scoile (An Foras Pátrúnachta)

24. Úsáid an t-idirlíon: Níl cead pictiúr na bpáistí a chur ar an idirlíon gan cead óna dtuismitheoirí. Ag úsáid an bogearra 'Aladdin' beidh dath faoi leith ar gcód an phaiste ag míniú nach bhfuil cead pictiúr an pháiste a chur ar an idirlíon. Tá dualgas ar an oide ranga cinnte a dhéanamh go bhfuil siad ag cloí le treoir na tuismitheoirí. Úsáideann an scoil clár cosanta ar gach ríomhaire chun na páistí a chosaint ón idirlíon.

25. Tá ceamaraí agus IPads curtha ar fáil ag an scoil do na ranganna. is iad na ceamaraí scoile agus IPads scoile amháin atá ceadaithe chun pictiúirí a ghlacadh/ taifead a thógáil ar imeachtaí scoile ina bhfuil páistí. Tá sé molta don fhoireann scoile nach bhfuil ceamaraí pearsanta, fón pócaí nó chuntais ríomhphoist pearsanta in úsáid chun pictiúir, taifead nó eolas a bhaineann le páistí a thógáil nó roinnt.

26. Má tá fón póca ag páiste tá orthu é a casadh as ar maidin agus é a thabhairt don oide go dtí deireadh an lae. I gcás go bhfuil an phaiste tar éis pictiúr/ taifead a dhéanamh gan cead tógfar an fón póca don phríomhoide agus beidh ar tuismitheoirí teacht agus aon ábhar a bhaint ón bhfón faoi chúram an príomhoide sula dtugtar é ar ais.

27. De bharr go bhfuil leithrisí an fhoireann agus leithreas na cuairteoirí in aon áit amháin tá sé molta nach dtéann aon bhaill foirne chuig an leithreas i gcás nach bhfuil páistí faoi chúram a thuismitheoir/ caomhnóir. Tá fógraí crochta ag míniú go bhfuil gá ar tuismitheoirí feitheoireacht a dhéanamh ar a pháiste má tá siad ag úsáid leithreas na cuairteoirí.

28. Déanfaidh an fhoireann scoile gach iarracht na cleachtais seo a leanadh i gcónaí. I gcás práinneach nuair nach féidir iad a leanadh tabharfar tuairisc iomlán den eachtra don Phríomhoide, Leah Ní Mhaoláin agus na tuismitheoirí.

## 7.0 Treoirlínte do mhúinteoirí agus do bhaill foirne maidir le déileáil le faisnéis a thagann ó pháiste:

Má labhraíonn páiste le ball foirne faoi mhí-úsáid líomhanta, ní mór don duine a fhaigheann an fhaisnéis sin éisteacht go cúramach agus ar shlí thacúil. Ní mór a bheith an-chúramach nach gcailltear muinín an pháiste. Níor chóir agallamh foirmiúil a dhéanamh. Cuirtear an chomhairle seo leanas ort:

- Éist leis an pháiste.
- Ná cuir ceisteanna a spreagfaidh freagraí ar leithná agus ná dean moltaí le freagraí don pháiste.
- Tabhair tacaíocht don pháiste, ach ná déan gealltanais.
- Ná cuir cosc ar an pháiste imeachtaí tábhachtacha a thabhairt chun cuimhne.
- Ná tabhair freagairt thar fóir
- Ná geall go gcoinneofar gach rud faoi rún – mínigh go mb'fhéidir go mbeidh gá le cabhair bhreise.
- Déan cuntas chruinn ar an gcomhrá a tharla, leis na sonraí seo leanas: (1) Céard a tharla, cá háit agus cathain. (2) Cur síos agus léaráidí más gá de ghortaithe fisiciúla. (3) Mínithe ar na gortaithe ag úsáid athrá díreach más cuí.
- Coimeád an cuntas slán.
- Ní mór an DCA a chur ar an eolas agus na taifid chuí a thabhairt dó/di.
- Más é/í an DCA an duine a rinneadh na líomhaintí ina Leith, ansin cuirtear an t-amhras agus aon tuairiscí faoi bhráid an Chathaoirligh agus leanfaidh sé/sí ar aghaidh de réir na dTreoirlínte.

## 8.0 Ábhair Eagraíochta agus Curaclama:

- Cabhraímid le cosaint i dtaobh mí-úsáid pháistí tríd an gCuraclam OSPS a leanúint, go háirithe sa Snáth Aonad Sábháilteacht agus Cosaint. I nGaelscoil Uí Earcáin is é an clár Bí Sábháilte an clár um Chaomhnú Páiste a múintear. Múinfear é ó Rang Naíonáin Bheaga go rang a 6. Múinfear é i mbloc 6 sheachtain chun an Clár Bí Sábháilte a dhéanamh ó thús go deireadh agus roinnfear eolas leis na tuismitheoirí roimh ré. Má úsáidtear acmhainní breise, beidh siad in oiriúint don rang leibhéal agus d'aidhmeanna an pholasaí seo.
- Má tá páistí nach bhfuil cead acu fanacht sa rang don ábhar seo, tá ar na tuismitheoirí/ caomhnóirí teacht agus na páistí a choimeád faoina chúram le linn na ceachta.
- I dtaobh ábhar faoi rún atá pléite sa rang, ní féidir leis an scoil aon fhreagracht a ghlacadh faoin mbealach a phléitear é taobh amuigh den suíomh seo. Ní féidir leis an scoil freagracht rúin a ghlacadh má chuireann páiste ceist phearsanta nó má insíonn siad eolas pearsanta fúthu féin. Cuirfidh an múinteoir ranga na gníomhaíochtaí is oiriúint dóibh chun cinntiú gur féidir le gach éinne páirt a ghlacadh sa rang.
- Tabharfaidh na múinteoirí tacaíocht foghlama/ acmhainne cabhair más gá. Úsáidtear na modheolaíochtaí agus bealaigh tabhairt faoi mar a mholtar sa churaclam OSPS; Foghlaim gníomhach; caint agus plé; réiteach fadhbanna srl.
- Tugtar cuireadh do thuistí breacadh ar an gcuraclam agus tá fáilte rompu labhairt leis an múinteoir ranga faoi aon imní atá orthu faoi.

## 9.0 Soláthar do thacaíocht leanúnach:

Mar sholáthair chun tacú le múinteoirí, daltaí, tuistí agus baill den mBord Bainistíochta atá gafa le pholasaithe agus cláracha Chaomhnú Páistí beidh

- Teagmháil rialta le tuistí agus cuirfear cóip de Threoir Thuismitheoirí don chlár Bí Sábháilte ar fáil ag an chruinniú eolais ag tús gach scoil bhliain.
- An Fhoireann agus an Bord Bainistíochta ag freastal ar chúrsaí traenála maidir le Caomhnú Páistí nuair a chuirfear ar fáil iad.

## 10.0 Polasaithe a tacaíonn le Chaomhnú Páistí:

Tá na polasaithe seo a leanas, atá gaolta leis an bPolasaí Chaomhnú Páistí curtha le chéile ag an bhfoireann, tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta

- Cód Iompair
- Polasaí Frithbhulaíochta
- Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta
- Measúnú Riosca
- Polasaí OSPS

## 11.0 Critéir Rathúlachta:


Beidh a fhios againn go bhfuil an polasaí seo i bhfeidhm má;

- Tá ullmhúchán, pleanáil agus múineadh na múinteoirí bunaithe ar an bplean seo.
- Tá an chur chuige sa pholasaí seo á leanúint go seasta

Beidh a fhios againn go bhfuil an polasaí éifeachtach má tá na daltaí ábalta scileanna agus straitéisí pearsanta sábháilteachta a chothú iad féin.

## 12:0 Aguisín 1: Teimpléid Taifead ar eachtra

| Cód: | Dáta: |
|---|---|
| Cuir marcanna in aice le aon ghortú | |



| Síniú: |
|---|
| |

Caomhnú Páistí Ghaelscoil Uí Earcáin

**Cód:**

| **Dáta** | **Breathnóireacht** | **Síniú** |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

## Aguisín COVID19 - athruithe don Polasaí Caomhnú Páistí

### 6.0 Cleachtas.

8. Ní dhéanfar maoirseacht ar pháiste aonarach riamh. Sa chás go bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí déanach ag bailiú páiste tá ar an mhúinteoir an rúnaí a chur ar an eol agus fanfaidh an pháiste faoi chúram an múinteoir ag an áit fháiltiú go dtagann a thuismitheoir/ chaomhnóir. Cuirfear an seomra machnamh ar ceal aon lá nach bhfuil ach páiste amháin a úsáid (déanfaidh siad suas an 15 nóiméad ar lá eile)

Scaoilfear leis an bpáiste tríd an príomhdoras, beidh ar an tuismitheoir fanacht lasmuigh agus iad a shíniú amach ansin. Beidh ar an múinteoir an t-eolas seo a chur ar Aladdin freisin.

14. Iompar ginearálta- moltar do gach pháiste súgradh i gcónaí i mbealach comhoibritheach, dearfach agus slán. Tá polasaí in aghaidh bulaíocht, cód iompair agus rialacha na Gaelscoile chun tacú le seo agus chun deá iompar a spreagadh. Rachaidh paistí chuig an leithreas, ar theachtaireachtaí srl. i mbeirteanna i gcónaí. Tá sé seo i bhfeidhm ó naíonáin bheaga go rang a 6.

Beimid ag iarraidh go bhfanfaidh na páistí ina meithligh. Is féidir leo labhairt le páistí eile ach a bheith ar a laghad 1m uathu. Ní bheidh cead ag páistí siúl timpeall na scoile le postanna a dhéanamh. Nuair atá said ag bogadh (ag du lar an gclós nó go dtí an leithreas) rachaidh said ina meithligh i gcónaí. (Ag claí le treoirlínte agus deá cleachtais ón HSE/NPHET)

17. Feitheoireacht páistí –Cloífidh an fhoireann uile le polasaí feitheoireachta na scoile chun cinntiú go ndéantar feitheoireacht chuimsitheacht ar na daltaí i gcónaí. Déanann an leas -príomhoide amchlár amach don chlóis ag tús gach téarma agus tá sé mar dhualgais ar gach oide an oifig a chur ar an eol, i scríbhinn faoin aon mhalartú maoirseacht atá déanta. Beidh 3 CRS agus 3 oide ar a laghad ar an gclós an t-am ar fad. Ar laethanta fliche scaipfear rang a 6 (clár ama leagtha amach ag oide rang a 6) idir na ranganna (naíonáin bheaga go rang a 3), fanfaidh an CRS lena rang féin agus déanann na múinteoirí atá ar an am chlár maoirseacht ar na ranganna ar fud na bpasáistí. Tá sé molta go dtéann an dhá rang a 4 le chéile in aon seomra amháin chun tacú le maoirseacht ar lá fliuch.

Beidh maoirseacht déanta ar an gclós ach ag leanúint an plean Áth-Oscailt scoile.

18. I gcás teachtaireachtaí (timpistí srl) ón gclós tá sé molta go dtéann gach páiste isteach sa scoil, i mbeirteanna, ag úsáid an doras in aice le leithris na mbuachaillí (clós na naíonáin bheaga) Ní thugtar cead d'aon pháiste dul ar ais isteach sa scoil i rith am clóis ach amháin má tá siad faoi chúram baill foirne (agus i mbeirteanna/ mar rang).

Rachaidh na páistí le páirtnéir ón meithleach ina bhfuil siad.

19. Tá an dualgais ar an oide ranga aon eolas a bhaineann l'eachtraí/ timpistí/ páiste imithe abhaile luath a fháil ó na múinteoirí atá ag déanamh feitheoireacht/ maoirseacht. Tá an dualgais orthu sin atá ag déanamh maoirseacht/ feitheoireacht an oifig a chur ar an eolas faoi aon timpistí ionas gur féidir an t-eolas a roinnt ar na tuismitheoirí/ caomhnóirí ag úsáid an gcóras scoile.

Is féidir leis an múinteoir ranga fógra a sheoladh chuig tuismitheoirí tríd an App Aladdin.

26. Má tá fón póca ag páiste tá orthu é a casadh as ar maidin agus é a thabhairt don oide go dtí deireadh an lae. I gcás go bhfuil an pháiste tar éis pictiúr/ taifead a dhéanamh gan cead tógfar an fón póca don phríomhoide agus beidh ar tuismitheoirí teacht agus aon ábhar a bhaint ón bhfón faoi chúram an príomhoide sula dtugtar é ar ais.

Beidh ar páistí an fón a choinneáil múchta ina mála scoile féin agus tá na rialacha thuas fós i bhfeidhm.

## 13.0 Daingniú agus Cumarsáid:

Déanadh athbhreithniú ar an bpolasaí seo ar an 13 Nollaig 2021 agus daingníodh é ar an 14/12/2021.

Síniú: Caoimhín Ó hEaghra Dáta: 14/12/2021

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú: Leah Ní Mhaoláin. Dáta: 14/12/2021

Príomhoide

## 14.0 Liosta Seiceála don Athbhreithniú ar an bPolasaí maidir le Caomhnú Páistí:

| | |
|---|---|
| 1. Ar ghlac an Bord go foirmiúil le Ráiteas um Chumhdach Leanaí de réir na 'Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus do Bhunscoileanna Iar-Bhunscoile 2017'?<br>*Has the Board formally adopted a Child Safeguarding Statement in accordance with the 'Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools 2017'?* | Ghlac |
| 2. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint in áit fheiceálach gar do phríomhbhealach isteach na scoile?<br>*Is the Board satisfied that the Child Safeguarding Statement is displayed in a prominent place near the main entrance to the school?* | Tá |
| 3. Mar chuid de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile, ar ghlac an Bord go foirmiúil, gan aon mhodhnú, leis na 'Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017'?<br>*As part of the school's Child Safeguarding Statement, has the Board formally adopted, without modification, the 'Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools 2017'?* | Ghlac |
| 4. An bhfuil measúnú i scríbhinn maidir le riosca mar atá riachtanach faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 i Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile? (Áirítear leis seo breithniú a dhéanamh ar shaincheist shonrach na sábháilteachta ar líne mar a cheanglaítear san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí)<br>*Does the school's Child Safeguarding Statement include a written assessment of risk as required under the Children First Act 2015 ? (This includes considering the specific issue of online safety as required by the Addendum to Children First)* | Tá |
| 5. An ndearna an Bord athbhreithniú agus nuashonrú nuair is gá ar an measúnacht scríofa ar riosca mar chuid den athbhreithniú foriomlán seo?<br>*Has the Board reviewed and updated where necessary the written assessment of risk as part of this overall review?* | Rinne |
| 6. Ar cuireadh san áireamh sa Mheasúnú Riosca an riosca díobhála a bhaineann le teagasc agus foghlaim ar líne ar bhonn cianda?<br>*Has the Risk Assessment taken account of the risk of harm relevant to online teaching and learning remotely?* | Chuir |
| 7. Ar fhreastail an teagmhálaí ainmnithe ar an oiliúint um chosaint leanaí atá ar fáil?<br>*Has the DLP attended available child protection training?* | D'fhreastail |
| 8. Ar fhreastail an leas-teagmhálaí ainmnithe ar an oiliúint um chosaint leanaí atá ar fáil?<br>*Has the Deputy DLP attended available child protection training?* | D'fhreastail |
| 9. Ar fhreastail aon bhaill den Bhord ar oiliúint um chosaint leanaí?<br>*Have any members of the Board attended child protection training?* | D'fhreastail |
| 10. An bhfuil teagmhálaí ainmnithe agus leas-teagmhálaí ainmnithe ceaptha faoi láthair?<br>*Are there both a DLP and a Deputy DLP currently appointed?* | Tá |

| | |
|---|---|
| 11. An bhfuil na sonraí teagmhála ábhartha (Tusla agus An Garda Síochána) ar fáil? *Are the relevant contact details (Tusla and An Garda Síochána) to hand?* | Tá |
| 12. An bhfuil socruithe i bhfeidhm ag an mBord chun Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a chur in iúl do phearsanra nua scoile? *Has the Board arrangements in place to communicate the school's Child Safeguarding Statement to new school personnel?* | Tá |
| 13. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil pearsanra uile na scoile curtha ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017' agus faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015? *Is the Board satisfied that all school personnel have been made aware of their responsibilities under the 'Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools 2017' and the Children First Act 2015?* | Tá |
| 14. An bhfuair an Bord Tuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí (TMCL) ón bPríomhoide ag gach cruinniú Boird a tionóladh ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach? *Has the Board received a Principals Child Protection Oversight Report (CPOR) at each Board meeting held since the last review was undertaken?* | Fuair *ach ní raibh ceann curtha ar fáil nuair a bhí an cruinniú ar líne. |
| 15. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, ar áiríodh an fhaisnéis ar fad a bhí faoi cheangal sa TMCL faoi gach ceann de na 4 cheannteideal a leagtar amach in ailt 9.5 go 9.8 agus an dá alt sin san áireamh, sna nósanna imeachta? *Since the Board's last review, did each CPOR contain all of the information required under each of the 4 headings set out in sections 9.5 to 9.8 inclusive of the procedures?* | Áiríodh |
| 16. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, ar soláthraíodh na doiciméid ar fad don Bhord agus ar athbhreithnigh an Bord gach doiciméad a bhaineann leis an TMCL? *Since the Board's last review, has the Board been provided with and reviewed all documents relevant to the CPOR?* | D'athbhreithnigh déanta ag an gcathaoirleach ar an 21/06/2021 |
| 17. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, an ndearnadh taifead mar is cuí i miontuairiscí gach cruinniú Boird ar na taifid a cuireadh ar fáil don Bhord mar chuid de thuarascáil TMCL? *Since the Board's last review, have the minutes of each Board meeting appropriately recorded the records provided to the Board as part of CPOR report?* | Rinneadh * ach ní raibh ceann curtha ar fáil nuair a bhí an cruinniú ar líne. |
| 18. An dearnadh tuarascáil TMCL a thaifeadadh go cuí i miontuairiscí gach cruinniú Boird? *Have the minutes of each Board meeting appropriately recorded the CPOR report?* | Rinneadh<br><br>*ach ní raibh ceann curtha ar fáil nuair a bhí an cruinniú ar líne. |
| 19. An bhfuil an Bord sásta gur leanadh na nósanna imeachta um chosaint leanaí go cuí maidir le tuairiscí a dhéanamh chuig Tusla/An Garda Síochána i ngach cás a ndearnadh athbhreithniú air? *Is the Board satisfied that the child protection procedures in relation to the making of reports to Tusla/An Garda Síochána were appropriately followed in each case reviewed?* | Tá |

| | |
|---|---|
| 20. An bhfuil an Bord sásta, ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach, go bhfuiltear ag déanamh gach beart iomchuí nó go ndearnadh gach beart iomchuí i leith aon bhall de phearsanra na scoile a ndearnadh líomhain mí-úsáide nó faillí ina c(h)oinne?*<br>*Is the Board satisfied that, since the last review, all appropriate actions are being or have been taken in respect of any member of school personnel against whom an allegation of abuse or neglect has been made?** | Tá |
| 21. Nuair ab infheidhme, ar úsáideadh aitheantóirí uathúla chun cúrsaí um chosaint leanaí a thaifeadadh i miontuairiscí an Bhoird?<br>*Where applicable, were unique identifiers used to record child protection matters in the Board minutes?* | Úsáideadh |
| 22. An bhfuil an Bord sásta go ndéantar gach taifead a bhaineann le cosaint leanaí a chomhdú agus a stóráil go sábháilte?<br>*Is the Board satisfied that all records relating to child protection are appropriately filed and stored securely?* | Tá, D'athbhreithnigh déanta ag an gcathaoirleach ar an 21/06/2021 |
| 23. Ar chuir aon tuismitheoir in iúl don Bhord maidir leis an tuismitheoir sin nach bhfuair an fógra caighdeánach a cheanglaítear faoi alt 5.6 de na 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017'?<br>*Has the Board been notified by any parent in relation to that parent not receiving the standard notification required under section 5.6 of the 'Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools 2017'?* | Níor chuir |
| 24. Maidir le haon chásanna a sainaithníodh i gceist 21 thuas, ar chinntigh an Bord gur eisigh an teagmhálaí ainmnithe aon fhógraí a cheanglaítear faoi alt 5.6 de na 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017' ina dhiaidh sin?<br>*In relation to any cases identified at question 21 above, has the Board ensured that any notifications required under section 5.6 of the 'Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools 2017' were subsequently issued by the DLP?* | Chinntigh |
| 25. Ar chinntigh an Bord gur soláthraíodh Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó)?<br>*Has the Board ensured that the Parents' Association (if any), has been provided with the school's Child Safeguarding Statement?* | Chinntigh |
| 26. Ar chinntigh an Bord go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile curtha ar fáil don phátrún?<br>*Has the Board ensured that the patron has been provided with the school's Child Safeguarding Statement?* | Chinntigh |
| 27. Ar chinntigh an Bord go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do thuismitheoirí arna iarraidh sin?<br>*Has the Board ensured that the school's Child Safeguarding Statement is available to parents on request?* | Chinntigh *Tá sé ar fáil ar www.gsue.ie |
| 28. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear an clár Fan Sábháilte chun feidhme go hiomlán sa scoil? (baineann sé seo le bunscoileanna)<br>*Has the Board ensured that the Stay Safe programme is implemented in full in the school? (applies to primary schools)* | Chinntigh |
| 29. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear an Clár Folláine do dhaltaí na Sraithe Sóisearaí chun feidhme ina iomláine sa scoil? (baineann sé seo le hiar-bhunscoileanna)<br>*Has the Board ensured that the Wellbeing Programme for Junior Cycle students* | N/A |

| | |
|---|---|
| *is implemented in full in the school? (applies to post- primary schools)* | |
| 30. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear curaclam OSPS chun feidhme go hiomlán sa scoil?<br>*Has the Board ensured that the SPHE curriculum is implemented in full in the school?* | Chinntigh |
| 31. An bhfuil an Bord sásta gur comhlíonadh na ceanglais reachtúla maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána maidir le pearsanra uile na scoile (fostaithe agus saorálaithe)? *<br>*Is the Board satisfied that the statutory requirements for Garda Vetting have been met in respect of all school personnel (employees and volunteers)? ** | Tá |
| 32. An bhfuil an Bord sásta gur comhlíonadh ceanglais na Roinne maidir le dearbhú reachtúil a bhaineann le cosaint leanaí agus an cineál gealltanais comhghaolmhar a sholáthar maidir le daoine a cheaptar i bpoist teagaisc agus neamhtheagaisc?*<br>*Is the Board satisfied that the Department's requirements in relation to the provision of a child protection related statutory declaration and associated form of undertaking have been met in respect of persons appointed to teaching and non-teaching positions?** | Tá |
| 33. An bhfuil an Bord sásta, ó thaobh cosaint leanaí de, go gcuireann an scoil nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin críochnúla i bhfeidhm maidir le pearsanra uile na scoile (fostaithe agus saorálaithe)?*<br>*Is the Board satisfied that, from a child protection perspective, thorough recruitment and selection procedures are applied by the school in relation to all school personnel (employees and volunteers)?** | Tá |
| 34. An ndearna an Bord breithniú agus ar thug sé aghaidh ar aon ghearáin nó moltaí ó thaobh feabhsúcháin maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile?<br>*Has the Board considered and addressed any complaints or suggestions for improvements regarding the school's Child Safeguarding Statement?* | Rinne |
| 35. Ar lorg an Bord aiseolas ó thuismitheoirí maidir le comhlíonadh na scoile leis na ceanglais a bhaineann le cumhdach leanaí mar atá de réir na 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus do Bhunscoileanna Iar-Bhunscoile 2017'?<br>*Has the Board sought the feedback of parents in relation to the school's compliance with the requirements of the child safeguarding requirements of the 'Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools 2017'?* | Lorg |
| 36. Ar lorg an Bord aiseolas ó dhaltaí maidir leis na socruithe um chumhdach leanaí atá ag an scoil?<br>*Has the Board sought the feedback of pupils in relation to the school's child safeguarding arrangements?* | Níor lorg*De bharr an aois, lorg ó na páistí níos síne. |
| 37. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na 'Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017' á gcur chun feidhme go hiomlán agus go leordhóthanach ag an scoil?<br>*Is the Board satisfied that the 'Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools 2017' are being fully and adequately implemented by the school?* | Tá |
| 38. Ar shainaithin an Bord aon ghné de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile agus/nó a chur chun feidhme a dteastaíonn tuilleadh feabhais orthu?<br>*Has the Board identified any aspects of the school's Child Safeguarding Statement and/or its implementation that require further improvement?* | Níor shainaithin *ach beidh abhreithniú rialta a dhéanamh. |

| | |
|---|---|
| 39. An bhfuil plean gníomhaíochta curtha i bhfeidhm ag an mBord ina bhfuil amlínte iomchuí luaite chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile agus/nó a chur chun feidhme a sainaithníodh a dteastaíonn tuilleadh feabhais orthu?<br>*Has the Board put in place an action plan containing appropriate timelines to address those aspects of the school's Child Safeguarding Statement and/or its implementation that have been identified as requiring further improvement ?* | Níl |
| 40. Ar chinntigh an Bord gur tugadh aghaidh go leordhóthanach ar aon réimsí le feabhsú mar a sainaithníodh iad in aon athbhreithniú roimhe seo ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile?<br>*Has the Board ensured that any areas for improvement that were identified in any previous review of the school's Child Safeguarding Statement have been adequately addressed?* | Chinntigh |

Síniú: Caoimhín Ó hÉigheartaigh Dáta: 14/12/2021

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú: Leah Ní Mhaoláin Dáta: 14/12/2021

Príomhoide